



Teastas Ginearálta an Mheánoideachais

Gaeilge

Measúnú Rialaithe

Tasc 1: Léamh agus Scríobh i nGaeilge

[G9573]

2020 – Le cur isteach i mí Bealtaine 2021

EOLAS

Tá 40 marc san iomlán ar fáil sa tasc seo.

Tá **uair amháin** agat leis an tasc seo a chríochnú.

Níl cead foclóirí, teasáras, litreoir agus gramadóir nó an t-idirlíon a úsáid.

Tá cead ag iarrthóirí cóip glan den téacs a úsáid.

Tá cead ag iarrthóirí an pro forma a d'ullmhaigh siad gan níos mó ná 40 focal scríofa air. Is féidir ceanteidil nó urcharphointe a scríobh mar chuid den 40 focal. Is féidir briathra agus nathanna cainte a scríobh ach níl cead abairtí nó paragraif iomlána a scríobh.

Ní mór cloí leis na Rialacha mar a leagtar amach iad i Sonraíocht an Ábhair.

NB: Uaireanta bíonn níos mó ná leathanach amháin ar threoir don Mheasúnú Rialaithe. Déan seic, le do thoil, go bhfuil an t-eolas uilig atá de dhíth ort leis an tasc a chríochnú agat má bhíonn tú á phriontáil ó ríomhaire.

Samhradh 2021

Léamh agus Scríobh: Tasc 1

Comhthéacs 5: Scríobhann an t-iarrthóir aiste shínte ar dhá théacs liteartha, faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

Téama: An Grá

Cuspóir: Le freagairt phearsanta a léiriú ar na téamaí, ceisteanna, carachtair srl, sna téacsanna a ndearnadh staidéar orthu.

Am: **1 uair a chloig**

**Measúnú Rialaithe Gaeilge TGMO Léamh agus Scríobh
Tasc 1:**

Téama: An Grá

Aiste shínte a scríobh ar an ábhar seo a leanas:

Trí úsáid shoiléir éifeachtach an ábhair léitheoireachta a ndearna tú staidéar air, déan comparáid agus codarsnacht ar théama an Ghrá in dhá théacs liteartha (**téacs amháin ón litríocht agus píosa neamhfhicsin**).

- Déan tagairt don dóigh a léiríonn an t-údar/file an téama.
- Bain úsáid as tagairtí ó na leabhair/na dánta/na hailt a léigh tú agus luaigh an dóigh a ndeachaigh siad i bhfeidhm ort.